

AN RÓGAIRE BACAIGH

(Ag Peadar Ó Domhnaill, An Cheathramha Rua)

“Bail Dé agus Bríghde ort, rath Dé agus Pádraic ort, a bhean mhúinte mhánla gan smut gan ghruaim. Dar mo choinsias féin, a bhean dheagh-mhóideach tá fhios agam le breathnú ar t-éadan gealgháireach go bhfuil croidhe mór agat istigh i do lár geal.

Le blian is fiche anuas tá mé ag cruinniú mo dhéirc ó thíir go tír ar fud na réagún. Is dar mo bhriathar ar feadh an achair sin ní fhaca mé aon bhean chomh geanamhail ná chomh flaitheamhail ná chomh subháiiceach leat féin. Sílim nach bhfuil tú crosta, cantallach ná gruamdha ná nach mbíonn tú ag troid le muinntir na comharsanachta ná ag losgadh mionna móra ó mhaidin go trathnóna. Tá mise anois ag iarraidh beathadh an lae seo in onóir Phádraic, Cholmcille Bhríghid agus Éanna. Tabhair síneadh láimhe domsa go déirceamhail.

“Ach ná maoidh orm é ar m’aghaidh ná taobh thiar thiar díom mar ní maith ó maoidhtear ná oineach ó hiarrtar. Teara siar go fial agus teara aniar go fairsing, agus tabhair síneadh láimhe go groidheamhail do bhochtán atá i ngéarchall.”

An Bhean:

“Dá mbeinnse ag tabhairt aird ar rógairí bacaigh
Ní bheadh greim ná deoch istigh i mo theach agam
Ach tá mise ag tabhairt fuagra dhuit mara mbeidh tú imthighthe
Ó mo dhorus go beo tapaidh
Go leigfidh mise an maide go trom tairbheach
Treasna an droma ort.”

An Bacach

“Tráth den tsaoghal chleacht mise mór-chuid
Ór is airgead is tighthe móra
Caiple fiadhach is neart bó bhainne
Gabhair adharca fhéasogacha agus caoirigh geala
Ach tháinig an mí-adh mór anuas faoi mhullach mo thighe
Agus d’fhág sin i mo bhacach mé go deireadh mo shaoghail
In ainm is in onóir Éanna a bheannuigh Árainn agus Conamara
Ná bí chomh beag truaigheach sin don bhacach
In ainm agus in onóir Pheadair an chéad Phápa
Atá ina ard-naomh anois ar dheasláimh Rí na nGrást
Ná leig ón dorus mé gan síneadh láimhe
Tabhair dom cáca aráin nó prionnta ime
Pláta fataí nó gé reamhar
Striopa éisg nó buidéal bainne

Péire cearc nó péire lachan
Báinín bán nó bríste ceann easna
Leis an bhfuacht a coinneál ó mo chnámha le sneachta.”

An Bhean:

“Tá mé ag tabhairt fuagra an dara huair dhuit
agus comhairle do leasa
mara mbeidh tú imthighthe ó mo dhoras a bhitheamhnaigh bacaigh
go sínfidh mé an súiste treasna an droma ort.”

An Bacach

“Nár théighe na maodhain thar do chuid bó bhainne
agus nár théighe an galra breac thar do chuid muca
go n-eirighe léim rúitín ag do chapall
an galra glúinéach ag do chuid géabha
agus an galra cleiteach ar do chuid lachan
an píoblach ar do chuid cearca
an fóthach ar t’aslaibh
agus díth céille ar do mhadadh
a chailleach thuatach rosach rocach chasta
a chailleach ghortach chrosach bhasach
níor thug tú greim ariamh don bhacach
agus seo dhuit mo mhíle mallacht.”

An Bhean:

“Mo chuid do thubaiste is d’anachain na bliana in do bhealach leat.